# Tóraíocht Taisce

## An Domhan Fothoinn

N fheadair éinne conas mar a bhíonn an saol fén bhfarraige sa domhan fothoinn. Nach anso a mhaireann Manannán Mac Lir é féin – Dia na Mara! Áit atá fuar, fliuch agus ciúin ach lán d iontaisí an tsaoil. Tá foraoiseacha móra feamainne sa bhfarraige, beo le maicréil, fíogaigh, eascanna, cuáin mhara agus Donncha na Súl Mór ann ag faire ar gach ní mórthimpeall air.

### Féach cé na taiscí atá thíos cois farraige inniubh.

- ○ Crosóg mhara
- ○ Sliogáin
- ○ Portán glas
- ○ Cuán Mara

- ○ Faoileán
- ○ Ceilp
- ○ Roilleach
- ○ Oisrí

- ○ Boladh na farraige
- ○ Caoróg mhara [bláth]
- ○ Donnán [iasc bídeach]
- ○ Rud éigint fliuch

An bhfuil ainm eile agat ar aon cheann de na héisc sa phictiúr? .....

.....

Dathaigh an Domhan Fothoinn.

## An Domhan Fothoinn

Maicréal nó Ronnach nó Súgaire Ranga,
Ag snámh is ag scinneadh tríd an bhfarraige.

Cailleach Bhreac nó Fíogach Madra,
Go breá san uisce ach go hainnis le caora.

An Súilleabhánach, ar nós an óir,
Donncha na Súl Mór, buailte ina lár,

Eascú farraige nó Eascann Mhara,
Seachain a splanc, ní hí do chara.

Carbhán Carraige nó Cuán Mara,
Breá socair ina shuí ar ghrinneall na farraige.

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Údarás na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal




Ealaín: Dómhnal Ó Bric
©Tuismitheoirí na Gaeltachta